Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16065/25**

**JAI 1806**
**FREMP 366**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 751 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Tuarascáil Bhliantúil 2025 ar Chur i bhFeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh<br>Breithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas a neartú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 751 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 751 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.12.2025
COM(2025) 751 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Tuarascáil Bhliantúil 2025 ar Chur i bhFeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh**

**Breithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas a neartú**

# Tuarascáil Bhliantúil 2025 ar Chur i bhFeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

## Breithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas a neartú

### Clár Ábhair


**1. Réamhrá ....... 2**

**2. Cur i bhfeidhm éifeachtach na Cairte ag na Ballstáit a áirithiú ....... 4**

**3. Eagraíochtaí sochaí sibhialta, cosantóirí ceart agus cleachtóirí ceartais a chumhachtú ....... 11**

**4. Úsáid na Cairte mar threoraíocht d’institiúidí an Aontais a chothú ....... 17**

**5. Feasacht na ndaoine maidir lena gcearta faoin gCairt a neartú ....... 20**

**6. Conclúid ....... 22**

## 1. Réamhrá

In 2025, tá comóradh 25 bliana á dhéanamh ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt)[1]. Fógraíodh an Chairt in Nice an 7 Nollaig 2000 agus cumhdaítear inti cearta bunúsacha gach duine san Aontas Eorpach. Athdhearbhaítear leis agus tugann sé le chéile cearta sibhialta agus polaitiúla, agus cearta eacnamaíocha agus sóisialta², á n-aistriú isteach i gcomhthéacs an Aontais. Leagtar béim sa Chairt ar ról na gceart bunúsach mar luachanna bunaidh an Aontais Eorpaigh, a bhfuil sé de cheangal ar institiúidí an Aontais agus ar Bhallstáit an Aontais araon iad a urramú agus dlí an Aontais á chur i bhfeidhm acu.

In 2020, thíolaic an Coimisiún Eorpach a **Straitéis chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas (straitéis na Cairte) a neartú**[2], ag aithint dó gur gá cearta agus prionsabail na Cairte a chur i gcrích do chách. Agus í i bhfeidhm ó 2020 go 2030, **braitheann straitéis na Cairte ar chomhar éifeachtach idir an Coimisiún agus na páirtithe leasmhara atá lárnach chun cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na gceart bunúsach a neartú,** – údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, an tsochaí shibhialta agus cosantóirí chearta an duine, gairmithe ceartais agus institiúidí an Aontais. Tugtar aghaidh sa straitéis freisin ar an ngá atá leis an bpobal a chur ar an eolas faoi chearta bunúsacha agus faoi na leigheasanna atá ar fáil má tharlaíonn sáruithe ar chearta bunúsacha.

Le blianta beaga anuas, tá béim níos láidre á leagan ar chearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an Aontais. Tá cearta bunúsacha na Cairte — ar comhpháirteanna di dínit an duine, saoirsí, comhionannas, dlúthpháirtíocht, cearta na saoránach agus ceartas — i gcroílár reachtaíocht agus bheartais an Aontais, rud a léiríonn ár dtiomantas comhroinnte do shochaí dhaonlathach chóir. Le linn na chéad 5 bliana de chur chun feidhme na straitéise, glacadh reachtaíocht nua AE lena gcosnaítear agus lena gcuirtear chun cinn cearta bunúsacha sonracha[3]. Sonraítear sa reachtaíocht sin cuid d'oibleagáidí na mBallstát maidir le cearta bunúsacha agus cuireadh de chúram ar ghrúpaí páirtithe leasmhara, amhail comhlachtaí neamhspleácha um chearta bunúsacha agus an tsochaí shibhialta, tacú le cur i bhfeidhm na Cairte, tríd an ról atá acu reachtaíocht ábhartha an Aontais a chur i bhfeidhm..

Mar sin féin, ní féidir talamh slán a dhéanamh den dul chun cinn maidir le cearta bunúsacha a chosaint[4]. Ní mór sásraí chun na cearta sin a chosaint a bheith feidhmiúil i gcónaí, agus tá gá le hiarrachtaí leanúnacha ar gach leibhéal chun cosaint chearta na Cairte a áirithiú agus a neartú.

---

[1] Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, (IO C 326, 26.10.2012, lgh. 391-407).
[2] COM(2020) 711 final.
[3] Lena n-áirítear an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha; An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán; Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais; Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac; an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá; an togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach; agus an togra le haghaidh athmhúnlú ar an Treoir maidir le hÁbhair Mhí-Úsáide Gnéasaí Leanaí.
[4] Féach Tuarascáil 2025 ar an Smacht Reachta, COM(2025) 900 final, lch. 1; FRA, Tuarascáil 2025 maidir le Cearta Bunúsacha, lch. 21.

*Cathain a bhíonn feidhm ag an gCairt?*

Le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin in 2009, fuair an Chairt an stádas dlí céanna leis na Conarthaí[5], i.e. dlí an Aontais ar a bhfuil reachtaíocht agus beartais an Aontais bunaithe. Ní mór d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais cloí leis an gCairt ina gcuid gníomhaíochtaí uile, mar aon leis na Ballstáit agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu[6].

Cuireann na Ballstáit dlí an Aontais i bhfeidhm i gcás go ndéanann siad an méid seo a leanas:

- éifeacht a thabhairt do reachtaíocht an Aontais trí bhearta náisiúnta cur chun feidhme a ghlacadh;

- reachtaíocht a ghlacadh i gcás ina bhforchuirtear oibleagáidí sonracha le dlí an Aontais, nó ina gceadaítear maolú leis[7];

— bearta sonracha a ghlacadh atá beartaithe chun rannchuidiú le cuspóir gnímh de chuid an Aontais a bhaint amach, nuair a údaraítear é sin a dhéanamh leis an ngníomh atá i gceist;

- cláir um chistiú ón Aontas a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha cistiúcháin an Aontais.

**Is deis thábhachtach í tuarascáil na Cairte i mbliana chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme straitéis na Cairte.** Tugtar forléargas sa tuarascáil ar na bearta a rinneadh idir 2020 agus 2025 chun cur i bhfeidhm na Cairte a neartú ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit. Leagtar béim inti freisin ar na dúshláin atá fós ann i ndáil leis sin, agus sainaithnítear inti na réimsí ina bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí; moltar réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu inti, agus tacaítear le comhar níos doimhne idir institiúidí an Aontais, na Ballstáit agus páirtithe leasmhara eile le haghaidh dara leath de chur chun feidhme na straitéise.

Bhailigh an Coimisiún sonraí le haghaidh na tuarascála seo trí **chomhairliúcháin spriocdhírithe éagsúla** agus trí ghlao ar fhianaise[8]. Baintear leas sa tuarascáil seo as measúnú cáilíochtúil ar an aiseolas ón gcomhairliúchán, lena n-áirítear comhairliúcháin spriocdhírithe ar líne leis na daoine seo a leanas: (i) na Ballstáit[9]; (ii) Pointí fócasacha na Cairte[10]; (iii) údaráis áitiúla agus réigiúnacha[11]; (iv) Líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (ENNHRI), Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais náisiúnta (Equinet), Líonra Eorpach na nOmbudsmananna agus a gcomhaltaí[12]; (v) breithiúna agus cleachtóirí ceartais eile, soláthraithe oiliúna breithiúnaí agus a líonraí[13]; (vi) Seirbhísí an Choimisiúin

[5] Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).
[6] Airteagal 51(1) den Chairt.
[7] Nuair a ghlacann na Ballstáit dlíthe i réimse nach bhfuil aon inniúlacht ag an Aontas ann agus nuair nach ann d'aon dlí de chuid an Aontais, níl dlí an Aontais á chur chun feidhme acu agus níl feidhm ag an gCairt. Go leor de na cearta bunúsacha a chumhdaítear leis an gCairt, áfach, leagtar amach freisin iad i mbunreachtanna agus cásdlí náisiúnta, agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ar páirtithe na Ballstáit uile ann.
[8] Cloisimis uait — Athbhreithniú meántéarma ar straitéis na Cairte.
[9] Fuarthas freagraí ó 20 Ballstát rannpháirteach: AT, BE, BG, CY, DK, FI, FR, DE, HU, IE, IT, LU, NL, PL, PT, RO, SK, SI, ES agus SE.
[10] Fuarthas freagraí ó 12 phointe fhócasacha rannpháirteacha de chuid na Cairte: AT, BE, HR, CY, FI, LV, LT, MT, NL, RO, ES agus SE.
[11] 51 rannpháirtí.
[12] 23 rannpháirtí.
[13] 112 rannpháirtí.

agus (vii) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA). Rinneadh comhairliúchán ar líne leis an tsochaí shibhialta trí Ardán FRA um Chearta Bunúsacha[14]; chomh maith le sraith cruinnithe comhairliúcháin[15].

## 2. Cur i bhfeidhm éifeachtach na Cairte ag na Ballstáit a áirithiú

Tá ról lárnach ag na Ballstáit i gcur chun feidhme agus cur i bhfeidhm maidir leis na Cairte, agus tugann na húdaráis náisiúnta lánéifeacht do chearta bunúsacha aon uair a chuireann siad dlí an Aontais chun feidhme. Dá bhrí sin, i straitéis na Cairte, gheall an Coimisiún **a chomhpháirtíocht leis na Ballstáit a neartú chun cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm éifeachtach na Cairte a áirithiú** trí sháruithe ar chearta bunúsacha a chosc, feasacht ar chearta bunúsacha a chur chun cinn, comhordú a mhéadú agus forfheidhmiú a áirithiú.

### 2.1. Pointí fócasacha na Cairte

Chun comhordú agus comhar éifeachtach a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm na Cairte, tá **pointe fócasach náisiúnta de chuid na Cairte ainmnithe ag formhór mór na mBallstát**[16]. Thacaigh an Coimisiún lena gcuid oibre trí chruinnithe faisnéise agus malartuithe dea-chleachtais a eagrú ar líne agus go pearsanta, agus trí nuashonruithe ar an gCairt a chomhroinnt. Chun na hiarrachtaí sin a neartú a thuilleadh, eagróidh an Coimisiún an obair ar phointí fócasacha na Cairte mar **líonra de chuid an Choimisiúin** chun malartú tráthrialta a dhéanamh maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na Cairte.

Is iad na riaracháin náisiúnta is fearr atá in ann a chinneadh conas ba cheart cúraimí phointí fócasacha na Cairte a eagrú chun feabhas éifeachtach a chur ar chomhordú na gceart bunúsach i ngach comhthéacs náisiúnta[17]. Léirítear sna comhairliúcháin chomh maith go bhféadfadh na pointí fócasacha tuilleadh plé a dhéanamh le comhlachtaí neamhspleácha um chearta bunúsacha, leis an tsochaí shibhialta agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha[18]. Dá réir sin, iarrann an Coimisiún **ar na Ballstáit na bearta soláthair faisnéise, múscailte feasachta**

---

[14] An tSochaí Sibhialta agus an tArdán um Chearta Bunúsacha. Fuarthas 101 freagra san iomlán. Dáileadh an comhairliúchán trí Ardán FRA um Chearta Bunúsacha. Tá an tArdán comhdhéanta de níos mó ná 1 000 eagraíocht de chuid na sochaí sibhialta, ceardchumainn, eagraíochtaí creideamhbhunaithe, saineolaithe a dhéanann ionadaíocht ar an saol acadúil agus ar institiúidí taighde, agus cosantóirí aonair chearta an duine.

[15] Le Meitheal na Comhairle um Chearta Bunúsacha, Cearta na Saoránach agus Saorghluaiseacht Daoine; An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile de chuid Pharlaimint na hEorpa; An Coimisiún um Shaoránacht, Rialachas, Gnóthaí Institiúideacha agus Seachtracha de Choiste Eorpach na Réigiún; An Grúpa ad hoc um Chearta Bunúsacha agus an Smacht Reachta i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa; agus Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine.

[16] Comhairliúchán leis na Ballstáit, ceist 2.

[17] Tá éagsúlacht i gcúraimí na bpointí fócasacha agus áirítear orthu comhroinnt faisnéise agus dea-chleachtais maidir leis an gCairt (92 %), oiliúint sa Chairt a sholáthar nó a chomhordú (58 %), cúnamh a thabhairt d'údaráis measúnú a dhéanamh ar thionchair na reachtaíochta agus na mbeartas ar chearta bunúsacha (25 %), imeachtaí na Cairte a eagrú, gníomhaíochtaí a bhaineann le cistiú ón Aontas agus tuairisciú ar an gCairt don Choimisiún agus do FRA; comhairliúchán le pointí fócasacha na Cairte, ceist 2; comhairliúchán leis na Ballstáit, ceist 3. Is iad na príomhdhúshláin atá ann an easpa ama mar gheall ar chúraimí oibre eile (83 %), raon feidhme leathan na gcúraimí a d'fhéadfadh a bheith ann (83 %) agus treoraíocht dhoiléir ón gCoimisiún (67 %); comhairliúchán le pointí fócasacha na Cairte, ceist 7; comhairliúchán leis na Ballstáit, ceist 6.

[18] Déantar an chuid is mó de chúraimí na bpointí fócasacha laistigh de rialtais (67 %), agus leis an Aontas (33 %), leis an tsochaí shibhialta (25 %), agus le NHRInna, le comhlachtaí comhionannais agus le hombudsmananna (17 %); comhairliúchán le pointí fócasacha na Cairte, ceist 5.

**agus fothaithe acmhainneachta don Chairt a neartú** ar an leibhéal náisiúnta, **trí thacú freisin le gníomhaíochtaí phointí fócasacha na Cairte** agus trí pháirt a thabhairt don tsochaí shibhialta agus do institiúidí náisiúnta um chearta an duine (NHRInna) san obair sin.

### 2.2. Oiliúint maidir leis an gCairt a chur chun cinn

I straitéis na Cairte, iarrtar ar na Ballstáit freisin úsáid agus feasacht ar an gCairt a chur chun cinn[19] trí **threoraíocht agus oiliúint a chur chun cinn le haghaidh riaracháin náisiúnta agus áitiúla agus trí chomhroinnt dea-chleachtais a chur chun cinn**, agus foghlaim fhrithpháirteach faoin gCairt a spreagadh.. Cé gur eagraigh leath de na Ballstáit oiliúint thiomnaithe faoin gCairt[20], tá gá le hoiliúint níos spriocdhírithe chun a áirithiú go mbeidh eolas leordhóthanach ag na húdaráis ábhartha ar chearta bunúsacha[21]. Tacóidh an Coimisiún a thuilleadh leis na hiarrachtaí sin trí **chlár foghlama frithpháirtí a sheoladh maidir leis an gCairt chun cabhrú le páirtithe leasmhara náisiúnta an Chairt a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm** trí mhalartuithe idir piaraí, ceardlanna, agus comhroinnt thrasnáisiúnta an dea-chleachtais.

Thacaigh FRA le cur i bhfeidhm na Cairte ar an leibhéal náisiúnta trí bhailiú agus anailís sonraí, lena n-áirítear ina **Thuarascálacha ar Chearta Bunúsacha** agus **Charterpedia**[22]. Chun malartú dea-chleachtais maidir leis an gCairt a chumasú, tá **imeacht bliantúil ar líne CharterXchange** á eagrú ag FRA agus ag an gCoimisiún, ó 2023 i leith, ina dtugtar le chéile cleachtóirí agus rannpháirtithe leasmhara eile lena n-áirítear riaracháin náisiúnta chun taithí a chomhroinnt agus chun plé a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le cur i bhfeidhm na Cairte[23].

Tá **cláir oiliúna agus ábhair maidir leis an gCairt forbartha** ag an gCoimisiún agus ag FRA agus **leanfaidh siad d'fheasacht a mhúscailt maidir leis na hábhair**, leis an bhfaisnéis agus leis na huirlisí **atá ann cheana**. Moltar do na Ballstáit freisin ábhar faisnéise agus oiliúna maidir leis an gCairt a fhorbairt ina dteangacha náisiúnta, agus, i gcás inarb ábhartha, trí uirlisí Cairte FRA a aistriú agus iad a chur in oiriúint don chomhthéacs náisiúnta.

### 2.3. An úsáid a bhaintear as measúnuithe tionchair ar chearta bunúsacha ar an leibhéal náisiúnta a mhéadú

[19] Faoi láthair, tá dea-chleachtais arna gcomhroinnt ag 16 Bhallstát maidir le cur i bhfeidhm na Cairte ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas (dea-chleachtais na mBallstát maidir leis an gCairt |). Léiríonn 58 % de na Ballstáit is freagróirí gur thug siad an Tairseach cothrom le dáta (comhairliúchán leis na Ballstáit, ceist 10); agus chuir 23 díobh faisnéis ar fáil maidir le cá háit ar cheart leigheasanna a lorg ar sháruithe ar chearta bunúsacha (Cúirteanna náisiúnta agus comhlachtaí neamhbhreithiúnacha eile).

[20] 53 % de na Ballstáit is freagróirí; comhairliúchán leis na Ballstáit, ceist 9. Ós rud é nach raibh ach 20 Ballstát rannpháirteach sa chomhairliúchán, tá na torthaí fós táscach.

[21] Comhairliúchán leis na Ballstáit, ceist 25.

[22] Ionchur ó FRA, lgh. 3-4, ag tagairt do Charterpedia agus Tuarascáil 2025 ar Chearta Bunúsacha. Áirítear in Charterpedia airteagail as an gCairt atá ar fáil i dteangacha uile an Aontais, cásdlí agus tagairtí dlí atá ar fáil i mBéarla agus i dteanga náisiúnta na tíre lena mbaineann. Tá lámhleabhar na Cairte, an lámhleabhar d'oiliúnóirí agus cúrsaí ríomhfhoghlama ar fáil i ngach teanga seachas GA agus MT). Féach Ábhar agus acmhainní FRA maidir leis an gCairt |, bileoga eolais na Cairte.

[23] E.g. an dara CharterXchange Bliantúil de chuid an Aontais, an tríú CharterXchange Bliantúil de chuid an Aontais.

I straitéis na Cairte, iarradh ar na Ballstáit **measúnuithe tionchair agus nósanna imeachta grinnscrúdaithe reachtaigh a úsáid** chun a áirithiú go gcomhlíonann tionscnaimh chun dlí an Aontais a chur chun feidhme an Chairt[24]. Tá treoirlínte forbartha ag roinnt Ballstát agus úsáideann siad comhlachtaí comhairleacha agus comhairliúcháin phoiblí chun cuidiú leis an gCairt a chur i bhfeidhm, agus tá ról lárnach ag aireachtaí agus ag comhlachtaí parlaiminteacha freisin maidir le maoirseacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh na Cairte ag tograí reachtacha[25]. Ag an am céanna, léirítear i dtaighde FRA nach ndéantar measúnuithe ar thionchair tograí reachtacha ar chearta bunúsacha go córasach[26], agus gurb eisceachtaí ón riail iad meastóireachtaí *ex post*. Léiríonn an méid sin gur gá leanúint de chuidiú le húdaráis náisiúnta measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear oibleagáidí an Aontais ar chearta bunúsacha, nuair a d'fhéadfadh tionchar mór a bheith ag na bearta trasuite ar chearta na Cairte. Iarrann an Coimisiún ar phointí fócasacha na Cairte uirlisí agus faisnéis ábhartha a dháileadh ar lucht ceaptha beartas ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil chun cabhrú leo na measúnuithe tionchair sin a dhéanamh.

### 2.4. Ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach

Tá an Chairt á húsáid ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha[27] agus meastar go bhfuil creat FRA maidir le **Cathracha um Chearta an Duine**[28] úsáideach chun cabhrú leo pleananna gníomhaíochta agus líonraí atá bunaithe ar chearta bunúsacha a fhorbairt[29]. Tá uirlisí oiliúna tiomnaithe á bhforbairt mar chuid den tionscadal **RIGHTSCITIES**[30] arna chistiú faoin g**Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV).** Ó bhí 2021 ann, chuidigh an Coimisiún leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha an Chairt a chur chun cinn trí

[24] Tuairiscíonn 79 % de na Ballstáit is freagróirí trí úsáid a bhaint as measúnuithe tionchair agus grinnscrúdú reachtach chun comhlíonadh na Cairte a áirithiú (comhairliúchán leis na Ballstáit, ceist 7).

[25] D'eisigh 37 % de na Ballstáit is freagróirí treoraíocht d'údaráis maidir le measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'imreofaí ar an gCairt agus dlí an Aontais á thrasuí agus á chur chun feidhme acu; comhairliúchán leis na Ballstáit, ceist 7. Luann DE, FI, HU, IE agus ES ról na bparlaimintí náisiúnta; comhairliúchán leis na Ballstáit, ceist 8. Cuireadh oiliúint thiomnaithe ar fáil d'údaráis náisiúnta, áitiúla nó réigiúnacha in 53 % de na Ballstáit sin.

[26] Cumhdaíonn measúnuithe tionchair ar chearta an duine (1). measúnuithe tionchair *ex ante* (measúnú ar thionchair fhéideartha na reachtaíochta); (2) grinnscrúdú dlíthiúil (measúnú ar thogra reachtach i gcomparáid le caighdeáin um chearta bunúsacha); agus (3) meastóireachtaí ex post (meastóireachtaí cúlghabhálacha ar an gcaoi a ndearna reachtaíocht difear do chearta bunúsacha tar éis í a chur chun feidhme); FRA, 2025, 'Reachtaíocht níos fearr: Measúnuithe tionchair ar chearta an duine sa reachtóireacht'.

[27] Baineann cuid de na húdaráis áitiúla agus réigiúnachais freagróirí úsáid as an gCairt mar bhonn eolais le haghaidh beartas agus cinnteoireachta (33 %), i leith cistiú ón Aontas (33 %) agus chun feasacht a mhúscailt ar chearta bunúsacha (25 %); comhairliúchán leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, ceist 6. Sainaithnítear iontu comhionannas agus neamh-idirdhealú (80 %), tithíocht, sláinte, oideachas, cosaint shóisialta agus tacaíocht do ghrúpaí leochaileacha (59 %), cosaint sonraí pearsanta (49 %), agus daonlathas áitiúil (57 %) mar na réimsí beartais inar féidir leo an Chairt a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí; comhairliúchán leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, ceist 11. Ba as an bPolainn 52.94 % de na freagróirí, rud a dhéanann difear do chinntitheacht an chomhairliúcháin seo.

[28] Cathracha um chearta an duine san Aontas Eorpach: creat chun cearta a threisiú go háitiúil. Tá an creat seo ar eolas ag 41 % de na freagróirí.

[29] comhairliúchán leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, ceist 10.

[30] RIGHTSCITIES — Institiúid Raoul Wallenberg um Chearta an Duine agus um an Dlí Daonnúil. RIGHTSCITIES- LBI für Grund- und Menschenrechte.

**ghlao um Nascadh Bailte** an chláir CERV[31]. Cruthaíonn nascadh bailte deiseanna le haghaidh comhar idir bardais i dtíortha éagsúla, rud a chuireann ar chumas na n-údarás áitiúil aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte, nó díscor daonlathach trí lionsa na Cairte. Dhírigh tionscadail, mar shampla, ar neamh-idirdhealú, cuimsiú, rannpháirtíocht dhaonlathach, comhionannas inscne agus cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

Tá gá le tuilleadh faisnéise, áfach, faoi bhreisluach na Cairte i gcomparáid le hionstraimí eile um chearta an duine, agus nuair atá feidhm aici ar an leibhéal áitiúil[32]. Léirítear sna comhairliúcháin go bhfuil gá le tuilleadh tacaíocht phraiticiúil, amhail oiliúint shaincheaptha, múscailt feasachta agus cistiú[33]. Dá réir sin, **iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit cuidiú leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha an Chairt a chur i bhfeidhm**, mar shampla, trí thógáil ar na hábhair a d'fhorbair tionscadal RIGHTSCITIES.

### 2.5. Cosc, faireachán agus forfheidhmiú

Faoi dhlí an Aontais, is ar na húdaráis náisiúnta atá an phríomhfhreagracht as dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i gceart. Tá ról lárnach ag cúirteanna náisiúnta maidir leis an gCairt a fhorfheidhmiú trí dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm agus a léirmhíniú sa dlíchóras intíre. Leis an sásra réamhrialaithe bunaítear sásra idirphlé idir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na cúirteanna náisiúnta chun a áirithiú go ndéanfar dlí an Aontais, lena n-áirítear an Chairt, a léirmhíniú go haonfhoirmeach.

I straitéis na Cairte chuir an Coimisiún béim ar a thábhachtaí atá sé **idirphlé seasta a choinneáil ar bun leis na Ballstáit chun sáruithe ar chearta bunúsacha a chosc**[34]. Déantar an t-idirphlé sin, go háirithe, i meithleacha a bhaineann go sonrach le beartas[35] agus le ghníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí[36]. Ag an am céanna, d'athdhearbhaigh an Coimisiún go raibh sé tiomanta **faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Cairte** agus dhlíthe gaolmhara an Aontais agus dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chásanna ina léiríonn Ballstát mainneachtain shistéamach i leith chur i bhfeidhm na Cairte agus dlí an Aontais á chur chun

---

[31] As 400 tionscadal cistithe idir 2021 agus 2025, rinne thart ar 10 % tagairt don Chairt.

[32] Comhairliúchán leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, ceisteanna 15 agus 21. Tá 47 % de na freagróirí atá ag tabhairt faoi thionscnaimh chun úsáid na Cairte ag a n-údarás a mhéadú, agus tá 33 % breise díobh nach bhfuil ar an eolas faoi na tionscnaimh sin; comhairliúchán leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, ceist 12.

[33] Comhairliúchán leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, ceisteanna 21 agus 22. Tá 75 % de na húdaráis is freagróirí nár ghlac páirt in oiliúint faoin gCairt (ceist 7), agus measann 26 % díobh nach leor na deiseanna oiliúna atá ar fáil nó nach bhfuil a fhios acu an leor iad (55 %) (ceist 8).

[34] Chuir an Coimisiún oiliúint ar fáil maidir le cearta bunúsacha freisin d'ionaid SOLVIT.

[35] Mar shampla, an grúpa ardleibhéil maidir leis an bhfuathchaint agus an fhuathchoireacht a chomhrac a chuidíonn leis na Ballstáit Cinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle a chur chun feidhme; an grúpa saineolaithe a chuidíonn leis na Ballstáit Treoir (AE) 2019/1937 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais a thrasuí agus a chur chun feidhme; Líonra an Aontais Eorpaigh um Chearta an Linbh lena gcuirtear ardán ar fáil le haghaidh idirphlé chun straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh agus an Moladh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a chur chun feidhme; an Líonra um fhoréigean inscnebhunaithe agus foréigean teaghlaigh a chosc; an Grúpa Ardleibhéil um Neamh-Idirdhealú, Comhionannas agus Éagsúlacht a thacaíonn le hiarrachtaí an t-idirdhealú a chomhrac agus an comhionannas agus an éagsúlacht a chur chun cinn; an Líonra Eorpach um Dhlí Comhionannais a chuireann faisnéis ar fáil maidir le comhlíonadh na dTreoracha maidir le Comhionannas.

[36] Ar nós an chláir foghlama frithpháirtí i leith comhionannas inscne, tionscnaimh chomhpháirtíochta maidir le fuathchaint agus fuathchoireacht a chomhrac, agus Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí.

feidhme aige[37]. Sna blianta roimhe seo, sheol an Coimisiún nósanna imeachta maidir le sárú[38] a bhaineann le cearta sonracha de chuid na Cairte a urramú, amhail, mar shampla, an ceart chun leighis éifeachtaigh, an ceart go gcosnófar sonraí pearsanta, meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, an ceart chun saoirse comhthionóil síochánta, saoirse comhlachais, neamh-idirdhealú ar bhonn náisiúntachta, gnéis nó gnéaschlaonta, meas ar dhínit an duine, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus iolrachas na meán, an ceart chun pribhléide gairmiúla dlíthiúla, agus toimhde na neamhchiontachta.

Ó bhí 2021 ann tá **tuarascálacha bliantúla curtha i láthair ag an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Cairte**, ag féachaint ar thionchar na Cairte i réimsí beartais ar leith[39]. Tá straitéis na Cairte agus na tuarascálacha bliantúla ar chur i bhfeidhm na Cairte mar chuid d’iarracht níos leithne ar leibhéal an Aontais chun na luachanna bunaidh a neartú, lena n-áirítear urraim do chearta an duine, don smacht reachta, don daonlathas agus don chomhionannas. Áirítear leis sin freisin na Tuarascálacha bliantúla ar an Smacht Reachta[40], an Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach,, an Pacáiste maidir le Cosaint an Daonlathais[41], tuarascálacha ar shaoránacht an Aontais[42], an Sciath Eorpach don Daonlathas[43], an Straitéis um an tSochaí Shibhialta[44] agus straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais grúpaí sonracha sealbhóirí ceart[45].

agus é ag forbairt na dtuarascálacha bliantúla ar chur i bhfeidhm na Cairte oibríonn an Coimisiún i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais, agus le gníomhaireachtaí, go háirithe FRA, chun faisnéis agus sonraí a bhailiú le haghaidh na dtuarascálacha, agus déanann sé comhairliúcháin leathana le páirtithe leasmhara[46]. **Is uirlisí luachmhara iad tuarascálacha na Cairte i leith béim a leagan ar ábharthacht na gceart bunúsach i mbeartais éagsúla**, agus ag an am céanna feidhmíonn siad mar mheabhrúcháin ar

---

[37] I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, ní dhéanann an Coimisiún idirghabháil go ginearálta i gcásanna aonair a bhaineann le sáruithe ar chearta bunúsacha, nach mór do na húdaráis náisiúnta agus do na cúirteanna náisiúnta déileáil leo i gcomhréir le leigheasanna náisiúnta. Ní dhéanfaidh sé idirghabháil ach amháin má tá eilimintí ann a thugann le fios go bhfuil forálacha nó cleachtais chórasacha ann, a sháraíonn na hoibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais. Féach pointe 5 freisin: Feasacht na ndaoine ar a gcearta faoin gCairt a neartú.

[38] Cásanna maidir le sárú san Aontas - Cásanna maidir le sárú, trasuí treoracha agus idirphlé EU Pilot. Féach, mar shampla Cás C-204/21, *An Coimisiún v An Pholainn (Neamhspleáchas agus príobháideachas breithiúna),* Cás C-808/21, *An Coimisiún v Poblacht na Seice (Saoirse comhthionóil agus comhlachais),* Cás C-769/22, *An Coimisiún v An Ungáir (Dínit an duine, cosaint sonraí pearsanta agus, an urraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh, neamh-idirdhealú)*, Cás C-92/23, *An Coimisiún v An Ungáir (An ceart seirbhísí meán a sholáthar ar mhinicíocht raidió),* Cás C-829/24, *An Coimisiún v An Ungáir (Cosaint ar ionramháil pholaitiúil sheachtrach)* agus Cás C-57/25, *An Coimisiún v An Eastóin (Leigheas breithiúnach éifeachtach).*

[39] Eisíodh ceithre thuarascáil bhliantúla ar an gCairt, ina ndírítear ar chearta bunúsacha sa ré dhigiteach, ar spás sibhialta rathúil, ar chosaint dlí éifeachtach agus ar rochtain ar cheartas, agus ar chistiú na gceart bunúsach.

[40] Tuarascáil 2025 ar an Smacht Reachta. Cumhdaítear leis an bhfaireachán freisin saincheisteanna, amhail neamhspleáchas na mbreithiúna agus an creat cumasúcháin don spás sibhialta, atá ábhartha go díreach maidir le cearta bunúsacha a chur i bhfeidhm.

[41] Lena n-áirítear JOIN(2025) 791 final agus COM/2025/790 final.

[42] Tuarascálacha ar Shaoránacht AE.

[43] JOIN(2025) 791 final.

[44] COM/2025/790 final.

[45] Amhail Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh. Maidir le straitéisí an Aontais um chomhionannas, féach fonóta 107.

[46] Maidir leis na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo le haghaidh na tuarascála seo, féach Caibidil 1.

raon feidhme leathan agus infheidhmeacht na Cairte. Meastar freisin go bhfuil na tuarascálacha úsáideach don tsochaí shibhialta agus do na breithiúna[47] mar go soláthraíonn siad achoimrí comhiomlánaithe tráthrialta ar dhlí ábhartha an Aontais, go dtreoraíonn siad gníomhaíocht abhcóideachta chun tacú le cearta bunúsacha, agus ar an iomlán, i leith aitheantas ar na dúshláin atá ann cheana a chur i dtábhacht[48]. Mar sin féin, d'iarr páirtithe leasmhara go gcuirfí borradh faoi úsáid na dtuarascálacha mar uirlisí faireacháin, go háirithe, trína mholadh go ndíreofaí ar chearta sonracha na Cairte a chosaint; agus tagairtí do chinntí breithiúnacha a chur san áireamh.

**Féachfaidh an Coimisiún ar bhealaí chun tuarascálacha na Cairte a fhorbairt a thuilleadh** chun forléargas níos mionsonraithe a thabhairt ar na príomhfhorbairtí a bhaineann le cur i bhfeidhm chearta sonracha na Cairte a bhaineann leis an téama roghnaithe, lena n-áirítear cinntí breithiúnacha ábhartha. Chun tacú lena thorthaí úsáidfidh an Coimisiún táscairí sonraí ábhartha, nuair a bheidh siad ar fáil, ó Eurostat agus ó fhoinsí ábhartha eile. Déanfaidh sé staidéar féidearthachta chun anailís a dhéanamh ar dheiseanna breise ar an bhfaireachán ar chearta bunúsacha a neartú i gcomhthéacs na tuarascálacha bliantúla téamacha na Cairte. Pléifear na gnéithe sin freisin faoi chuimsiú an Ardáin Sochaí Sibhialta a bhunófar in 2026[49].

Léiríonn na comhairliúcháin go bhfuil an obair leantach ar an leibhéal náisiúnta ar thuarascálacha na Cairte fós teoranta[50]. Dá bhrí sin, **iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit cur lena n-iarrachtaí obair leantach a dhéanamh ar thuarascálacha na Cairte**, go háirithe, trí imeachtaí a eagrú le grúpaí páirtithe leasmhara ábhartha chun ábhar na tuarascála sa chomhthéacs náisiúnta bliantúla a phlé.

Mar an gcéanna, d'iarr an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle plé substainteach a eagrú chun obair leantach a dhéanamh ar thuarascálacha na Cairte. In 2021, ghlac an Chomhairle **conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na Cairte a neartú**, ina sonraítear na bearta a d'fhéadfadh na Ballstáit a dhéanamh chun tacú le cur chun feidhme na straitéise[51]. Gach bliain, d'iarr sí ar an gCoimisiún torthaí thuarascáil na Cairte a

---

[47] Comhairliúchán leis an tsochaí shibhialta, ceist 19. Tá 68.32 % de na freagróirí ar an eolas faoi na tuarascálacha; Comhairliúchán leis na Ballstáit, ceist 19. Tá 72.22 % de na freagróirí ar an eolas faoi na tuarascálacha

[48] De réir ENNHRI, leis an aird thiomnaithe ón gCoimisiún ar fhaisnéis a bhailiú ó phríomhpháirtithe leasmhara le haghaidh thuarascáil bhliantúil na Cairte, tá méadú tagtha ar an aitheantas a thugtar d'ábharthacht agus do riachtanais na bpáirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais. Rannchuidiú ENNHRI leis na comhairliúcháin le NHRInna, lch. 5.

[49] COM/2025/790 final.

[50] Tuairiscíonn 37 % de na Ballstáit is freagróirí gur eagraigh siad obair leantach; comhairliúchán leis na Ballstáit, ceist 11. Sheol roinnt cuid acu an tuarascáil le haghaidh faisnéise chuig an Aire freagrach (HU) nó chuig na haireachtaí freagracha agus chuig NHRInna (LU, ES). In BG, úsáideadh na torthaí mar bhonn eolais faoi fhorbairt gníomhaíochtaí oiliúna breithiúnaí atá le bheith ann. D'eagraigh PL agus PT imeachtaí leantacha. Féach freisin comhairliúchán le NHRInna, comhlachtaí comhionannais agus ombudsmananna, ceist 27.).

[51] Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas Eorpach a neartú.

chur faoi bhráid na mBallstát agus ghlac sí conclúidí ón gComhairle maidir le hábhar na tuarascála ina bhfuil moltaí breise[52].

Sa straitéis, mhol an Coimisiún freisin do Pharlaimint na hEorpa agus do na parlaimintí náisiúnta **comhar idirpharlaiminteach a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm na Cairte**. Iarrann sí arís ar Pharlaimint na hEorpa ról a thabhairt do na parlaimintí náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm na Cairte a neartú, agus chomh maith leis sin trí **chruinniú comhordúcháin idirpharlaiminteach a eagrú maidir le cur i bhfeidhm na Cairte**. Tá an Coimisiún réidh le tacú le forbairt an tionscnaimh sin.

### 2.6. Cosaint luachanna na Cairte a áirithiú trí chistí an Aontais

Tá an cistiú ón Aontas ríthábhachtach chun tacú le cur chun feidhme bheartais an Aontais. Chun a áirithiú go gcomhlíonann cur chun feidhme chistí an Aontais an Chairt, áirítear i Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC)[53] **'coinníoll cumasúcháin' cothrománach maidir leis an gCairt a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme go héifeachtach (coinníoll cumasúcháin cothrománach na Cairte)**[54]. Le coinníoll cumasúcháin cothrománach na Cairte, ceanglaítear ar na Ballstáit socruithe a bheith i bhfeidhm acu chun a áirithiú go gcomhlíonann na cláir a fhaigheann tacaíocht ó chistí RFC an Chairt ag gach céim den chlársceidealú agus den chur chun feidhme. Moltar dóibh ról a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, amhail comhlachtaí neamhspleácha um chearta bunúsacha, sna socruithe sin. Ceanglaítear ar na Ballstáit freisin socruithe tuairiscithe a bhunú do na coistí faireacháin i gcásanna nach gcomhlíonann oibríochtaí an Chairt agus gearáin maidir leis an gCairt.

Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil coinníoll cumasúcháin cothrománach na Cairte fós á chomhlíonadh le linn na clárthréimhse, agus déanfaidh sé na bearta is gá chun comhlíonadh a áirithiú de réir mar is iomchuí[55]. Léirítear sna comhairliúcháin, áfach, go bhfuil gá le tuilleadh faisnéise agus treoraíochta chun cabhrú leis na húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha a bhainistíonn cistí an Aontais an Chairt a chur i bhfeidhm, mar shampla, trí threoraíocht a chur ar fáil trí mhodúil oiliúna, trí fhothú acmhainneachta, nó trí mhalartú dea-chleachtais[56]. I gcomhréir leis an ngealltanas a tugadh i

[52] Conclúidí ón gComhairle maidir le cumhachtú digiteach chun cearta bunúsacha a chosaint agus a fhorfheidhmiú sa ré dhigiteach; Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;Ról an spáis shibhialta maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas; Conclúidí maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: muinín a chur chun cinn trí chosaint dlí éifeachtach agus rochtain ar cheartas; Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh:cistiú chun cearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú.

[53] Rialachán (AE) 2021/1060.

[54] An coinníoll cumasúcháin cothrománach 'Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme go héifeachtach' dá bhforáiltear faoi Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán na bhForálacha Coiteanna. Chomh maith le coinníoll cumasúcháin cothrománach na Cairte, áirítear i Rialachán na bhForálacha Coiteanna prionsabail chothrománacha in Airteagal 9, lena gceanglaítear go n-urramóidh an Coimisiún agus na Ballstáit cearta bunúsacha agus go gcomhlíonfaidh siad an Chairt agus na cistí á gcur chun feidhme acu.

[55] Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na sásraí agus na nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh choinníoll cumasúcháin cothrománach na Cairte, féach an straitéis na Cairte, lch. 9, agus tuarascáil 2024 ar an gCairt, lgh. 21 go 22.

[56] Comhairliúchán leis na Ballstáit, ceisteanna 15 agus 16.

straitéis na Cairte, foilsíodh treoraíocht den sórt sin i bhfoirm **lámhleabhar chun treoraíocht a thabhairt d'údaráis agus do chomhlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha maidir le cur chun feidhme comhleanúnach agus éifeachtach choinníoll cumasúcháin cothrománach na Cairte a áirithiú[57].** Aistreoidh an Coimisiún an lámhleabhar go teangacha oifigiúla an Aontais chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag páirtithe leasmhara náisiúnta air. Fiosróidh an Coimisiún freisin an bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta faoin gcéad CAI eile, amhail gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta nó malartú dea-chleachtais.

**Áirítear sa togra ón gCoimisiún le haghaidh an chéad CAI eile coimircí agus dreasachtaí láidre lena n-urramófar an Chairt agus an smacht reachta le cistiú ón Aontas**[58]. -of-Is réamhchoinníoll le tacaíocht airgeadais cloí le prionsabail smachta reachta na Cairte. Chun go bhformheasfar a bpleananna náisiúnta agus réigiúnacha, beidh ar na Ballstáit a léiriú go bhfuil sásraí iomchuí i bhfeidhm acu chun comhlíonadh an smachta reachta agus coinníoll cumasúcháin cothrománach na Cairte a áirithiú le linn chur chun feidhme na gcistí.

## 3. Eagraíochtaí sochaí sibhialta, cosantóirí ceart agus cleachtóirí ceartais a chumhachtú

### 3.1. An tSochaí shibhialta |

Leagtar béim i straitéis na Cairte ar rannchuidiú fíor-riachtanach ESSanna agus chosantóirí chearta an duine chun a áirithiú gur féidir le gach duine leas a bhaint as cearta bunúsacha. Sa straitéis, d'iarr an Coimisiún ar na **Ballstáit timpeallacht thacúil agus shábháilte a chur chun cinn do ESSanna** agus do chosantóirí chearta an duine ina dtír féin, ar an leibhéal áitiúil freisin[59].

Thiomnaigh an Coimisiún **tuarascáil 2022 na Cairte do spás sibhialta rathúil**[60] ina ndearna sé cur síos ar ról ESSanna, chosantóirí chearta an duine, NHRInna, comhlachtaí comhionannais agus ombudsmananna maidir le tacú le cur i bhfeidhm na Cairte, leag sé amach na bearta a rinneadh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun iad a chosaint, chun tacú leo agus chun iad a chumhachtú, agus shainaithin sé dúshláin, bearnaí agus réimsí feabhais i ndáil leis sin. Sonraíodh sa tuarascáil go bhfuil **an spás sibhialta á chúngú tuilleadh ar fud an Aontais**[61] agus go dtuairiscíonn ESSanna, cosantóirí chearta an duine agus a gcomhaltaí bagairtí agus ciapadh[62].

Chun obair leantach a dhéanamh ar Thuarascáil na Cairte 2022, d'eagraigh an Coimisiún sraith seimineár maidir leis na bearta is gá chun an tsochaí shibhialta a chumhachtú, a

[57] Lámhleabhar maidir le Cearta Bunúsacha i gCistiú an Aontais.
[58] COM(2025) 46, lch. 12.
[59] Tuairiscíonn na Ballstáit go bhfuil beartais na sochaí sibhialta curtha i bhfeidhm acu agus tagraíonn siad do dheiseanna cistiúcháin náisiúnta agus do reachtaíocht náisiúnta lena gcosnaítear an tsaoirse comhlachais agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Comhairliúchán leis na Ballstáit, ceist 17.
[60] COM/2022/716, lgh. 7-12. Chomh maith leis sin an Tuarascáil ar an Smacht Reachta 2025, lgh. 29-30.
[61] An tSochaí shibhialta | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, Spás sibhialta | ECFE, Monatóir spáis shibhialta Civicus, Fóram sibhialta. Chomh maith leis sin Tuarascáil 2025 ar an Smacht Reachta, lch. 30.
[62] FRA, Protecting civil society — Update 2023 [An tsochaí shibhialta a chosaint — Nuashonrú 2023], lch. 3; COM/2022/716, lch 13.

chosaint agus chun tacú léi a thuilleadh, a tugadh i gcrích le himeacht ardleibhéil i mí na Samhna 2023[63]. Moladh i dtuarascáil chríochnaitheach[64] go ngeallfadh na Ballstáit agus institiúidí an Aontais spás sibhialta san Aontas a chosaint, a chur chun cinn agus tacú leis. Cuireadh na conclúidí sin san áireamh i **Moladh ón gCoimisiún** in 2023 **maidir le ról gníomhach agus rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta i bpróisis ceaptha beartas poiblí a chur chun cinn**[65]. I gcomhréir leis an Moladh seo, d'fhorbair an Coimisiún uirlisí chun saoránaigh a rannpháirtiú ina cheapadh beartas, go háirithe na Painéil Saoránach Eorpach, rud a d'fhéadfadh rialtais náisiúnta agus áitiúla a spreagadh chun a straitéisí rannpháirtíochta saoránach féin a bhunú. In 2024, ghlac an Coimisiún **dhá Threoir freisin maidir le híoschaighdeáin d'fheidhmiú comhlachtaí comhionannais** chun a n-éifeachtacht a fheabhsú agus a neamhspleáchas a ráthú[66].

Ag tógáil ar na tionscnaimh sin agus ag freagairt do ghlaonna ón tsochaí shibhialta, an 12 Samhain 2025, ghlac an Coimisiún **Straitéis an Aontais maidir leis an tSochaí Shibhialta**[67]. Leis an straitéis, cuirtear creat i bhfeidhm chun caidreamh le ESSanna a chothú, agus chun cistiú inbhuanaithe trédhearcach ESSanna a chosaint, chun tacú leis agus chun é a áirithiú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Bunóidh an Coimisiún **Ardán Sochaí Sibhialta** chun dlús a chur lena gcaidreamh le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair ar chearta bunúsacha agus ar bheartais luachbhunaithe eile de chuid an Aontais. Iarrann an Coimisiún freisin ar na Ballstáit **ról a thabhairt don tsochaí shibhialta i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an gCairt ar an leibhéal náisiúnta** chun malartú faisnéise agus fothú acmhainneachta frithpháirteach a áirithiú[68].

Gheall an Coimisiún freisin go dtacódh sé le timpeallacht chumasúcháin don tsochaí shibhialta, go háirithe, trí **chistiú ón gClár CERV**[69]. Idir 2022 agus 2025, deonaíodh os cionn EUR 1.3 billiún do ghníomhaithe a rannchuidíonn le cur i bhfeidhm na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus sa Chairt[70].

---

[63] Spás sibhialta bisiúil chun na cearta bunúsacha a chumhdach san Eoraip:creat le haghaidh gníomhaíocht san am atá romhainn.
[64] Tuarascáil Chríochnaitheach - Spás sibhilata rathúil chun cearta bunúsacha a chaomhnú san Aontas |An Coimisiún Eorpach.
[65] Moladh (AE) 2023/2836 ón gCoimisiún.
[66] Treoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle agus Treoir (AE) 2024/1500.
[67] COM(2025) 790 final.
[68] As na ESSanna a ndeachthas i gcomhairle leo, ní raibh 70 % díobh ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí a rinne na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla chun an tsochaí shibhialta a chumhachtú. Thagair roinnt acu do rialtais a dhéanann imeaglú gníomhach ar an tsochaí shibhialta. Tríd is tríd, chonaic siad bearna idir straitéisí agus gníomhaíocht inláimhsithe a rinne a mBallstáit. Comhairliúchán le ESSanna ceist 8. Chun forléargas a fháil ar bheartais náisiúnta chun an spás sibhialta a chumhachtú, féach Spás SibhialtaECFE.
[69] Féach tuilleadh eolais faoin gclár; tuarascáil 2024 ar an gCairt, lgh. 5-9; SWD/2025/133.
[70] An Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna — Feidhmíocht — An Coimisiún Eorpach. Tá tuilleadh eolais faoin gcaoi ar chuidigh cláir chistiúcháin an Aontais leis an gCairt a chur i bhfeidhm ar fáil i dtuarascáil 2024 na Cairte. Féach freisin conclúidí ón gComhairle an 7 Márta 2025. Faoi ghlaonna bliantúla CHAR-LITI ar thograí, cuireadh cistiú ar fáil le haghaidh fothú acmhainneachta agus múscailt feasachta faoin gCairt, lena gcumhachtaítear an spás sibhialta agus an dlíthíocht straitéiseach, lena ndéantar fuathchaint agus fuathchoireacht a chomhrac agus sceithirí a chosaint; An Tairseach 'Cistiú & Tairiscintí' an Aontais). Faoin tsraith Luachanna an Aontais den chlár CERV, thacaigh an Coimisiún le líonraí Eorpacha, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le meithleacha machnaimh chun an Chairt a chur i bhfeidhm.

I mí Iúil 2025, ghlac an Coimisiún **a thogra le haghaidh clár cistiúcháin nua AgoraEU** chun leanúint de chur chun cinn agus cosaint na gceart bunúsach a chistiú trína shnáithe 'Daonlathas, Saoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna' ('CERV+') ó 2028 go 2034[71]. Faoin CAI nua, agus é ag obair i gcomhar le buiséid náisiúnta agus ag comhlánú iarrachtaí eile ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta, cuideoidh an tAontas leis an tsochaí shibhialta cur i bhfeidhm na Cairte a chur chun cinn, lena n-áirítear tríd an gclár AgoraEU atá beartaithe agus tríd an gclár um Cheartas a luaithe a ghlacfar é[72].

Ar deireadh, d'iarr an Coimisiún ar **líonraí na sochaí sibhialta**[73] **a n-iarrachtaí fothaithe acmhainneachta a neartú trí chomhoibriú ar chleachtas oiliúna agus comhroinnte Cairte**, ag tógáil ar an tacaíocht agus ar na huirlisí a d'fhorbair an Coimisiún agus FRA[74]. Thug sí dá haire go bhfuil ESSanna, cosantóirí chearta an duine agus NHRInna, comhlachtaí comhionannais agus ombudsmananna in ann faisnéis a roinnt agus cabhrú le daoine rochtain a fháil ar chosaint bhreithiúnach nuair a sháraítear a gcearta bunúsacha[75]. **Is féidir le dlíthíocht straitéiseach éifeachtach, go háirithe, rannchuidiú le forfheidhmiú éifeachtach na gceart bunúsach** agus tá roinnt tionscadal cistithe ag an gCoimisiún chun cur le cumas na sochaí sibhialta dlíthíocht straitéiseach a dhéanamh ar bhonn na Cairte[76].

Chun cur chun feidhme na ngealltanas thuas a neartú a thuilleadh, iarrann an **Coimisiún ar ESSanna, ar chosantóirí chearta an duine, agus ar NHRInna, ar chomhlachtaí comhionannais agus ar ombudsmananna a n-iarrachtaí a neartú chun comhoibriú agus cleachtas maidir leis an gCairt a chomhroinnt.** Ina theannta sin, iarrann sé ar na páirtithe leasmhara sin, chomh maith le cleachtóirí ceartais agus tairbhithe chistiú an Aontais, **cásdlí agus dea-chleachtas eile maidir leis an gCairt a roinnt le FRA**[77] chun tacú le bunachar sonraí Charterpedia a nuashonrú.

### 3.2. Ról na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine

Sa dara sraith de straitéis na Cairte, leagtar béim **ar a thábhachtaí atá sé NHRInna a bheith láidir agus neamhspleách**. Le sainorduithe leathana lena gcumhdaítear na cearta bunúsacha uile, tá ról uathúil ag NHRInna maidir lena áirithiú go ndéanfaidh gníomhaithe stáit cearta bunúsacha a choimirciú, agus maidir le naisc a chruthú idir rialtais agus an tsochaí shibhialta[78]. Dá bhrí sin, i straitéis na Cairte, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit sin nach

[71] Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an clár 'AgoraEU' le haghaidh na tréimhse 2028-2034.
[72] Togra le haghaidh Rialachán lena mbunófar an clár 'AgoraEU' le haghaidh na tréimhse 2028-2034.
[73] Ag tagairt do líonraí amhail ENNHRI, Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais náisiúnta (Equinet) agus Líonra Eorpach na nOmbudsmananna, chomh maith le líonraí a thugann aghaidh ar riachtanais grúpaí sonracha.
[74] Féach comhairliúchán le ENNHRI, Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais náisiúnta (Equinet) agus Líonra Eorpach na nOmbudsmananna agus a gcomhaltaí (comhlachtaí um chearta bunúsach), ceist 10.
[75] Ní thuairiscíonn ach 30 % de chomhlachtaí um chearta bunúsacha go n-úsáideann siad an Chairt chun faisnéis a sholáthar maidir leis na leigheasanna atá ar fáil nó maidir le tacaíocht d'íospartaigh agus tuairiscíonn 30 % go n-úsáideann siad an Chairt i ndlíthíocht straitéiseach; comhairliúchán le comhlachtaí um chearta bunúsacha, ceist 3(d).
[76] Idir 2022 agus 2024, eisíodh EUR 15 mhilliún chun 35 thionscadal maidir leis an gCairt agus dlíthíocht straitéiseach faoin gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna a chistiú.
[77] Trí bhíthin Charter@fra.europa.eu.
[78] COM(2024) 800, lch. 32.

bhfuil NHRI neamhspleách curtha ar bun acu é sin a dhéanamh. D'iarr sí freisin ar na Ballstáit eile a áirithiú go dtabharfar na huirlisí agus na modhanna do NHRInna chun prionsabail Pháras na Náisiún Aontaithe[79] a chomhlíonadh, agus tagairt a dhéanamh don Chairt ina sainordú. Thug sí dá haire ról ENNHRI maidir le cuidiú leis na Ballstáit creidiúnú stádas A dá NHRInna[80] a bhaint amach agus a choinneáil ar bun, go háirithe, trí fhothú acmhainneachta agus cleachtas comhroinnte maidir leis an gCairt a chomhordú.

Tar éis straitéis na Cairte a ghlacadh, **creidiúnaíodh cúig NHRI bhreise le stádas A** (san Ostair, sa Chipir, san Eastóin, sa tSlóivéin agus sa tSualainn)[81] agus rinneadh dul chun cinn i dtreo NHRI creidiúnaithe a bhunú sa tSeicia agus sa Rómáin[82]. Cuidíonn ENNHRI leis na hinstitiúidí ainmnithe a gcreidiúnú a bhaint amach agus a mhúscailt trí chomhairle theicniúil agus trí chomhairliúchán teicniúil. Déanann an Coimisiún faireachán ar staid na n-ombudsmananna, na NHRInna, na gcomhlachtaí comhionannais agus na n-údarás neamhspleách eile ina thuarascálacha maidir leis an smacht reachta faoin gcolún maidir le 'saincheisteanna institiúideacha eile a bhaineann le srianta agus ceartúcháin'.

Tar éis straitéis na Cairte a ghlacadh, **bhí baint níos mó ag ENNHRI agus NHRInna le tacú le cur i bhfeidhm na Cairte**[83]. Eagraíonn ENNHRI fothú acmhainneachta don Chairt agus rannchuidíonn sé, in éineacht lena chomhaltaí, le reachtaíocht agus beartais a ullmhú a bhaineann le cearta bunúsacha agus leis na luachanna bunaidh[84].

Chun tacú lena n-iarrachtaí, **dearcfaidh an Coimisiún ar an ngá atá le treoraíocht bhreise a mhéid a bhaineann le ról NHRInna faoi dhlí an Aontais**, lena n-áirítear i gcur i bhfeidhm na Cairte, agus conas a d'fhéadfadh na Ballstáit tacú leo. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do NHRInna an Chairt a chur i bhfeidhm, trí chistiú ón gclár CERV 2021-2027 agus tríd an gclár AgoraEU atá beartaithe, a luaithe a ghlacfar é.

Ina theannta sin, iarrann an Coimisiún ar NHRInna, ar chomhlachtaí comhionannais agus ar ombudsmananna leanúint de thacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm na Cairte trí ghníomhaíochtaí tiomnaithe ina mBallstáit, lena n-áirítear trí **fhaisnéis agus comhairle a chur ar fáil do dhaoine aonair maidir le cearta bunúsacha** agus leigheasanna dlí i gcás sáruithe ar chearta bunúsacha.

[79] Prionsabail a bhaineann le Stádas na nInstitiúidí Náisiúnta (Prionsabail Pháras) | OHCHR, CM/Rec(2021)1.
[80] Maidir le NHRInna a mheastar go gcomhlíonann siad go hiomlán prionsabail Pháras na Náisiún Aontaithe, déantar iad a chreidiúnú le stádas A.
[81] Ballraíocht — GANHRI, Ár gComhaltaí — ENNHRI.
[82] Ionchur comhairliúcháin ó ENNHRI, lgh. 9-10.
[83] Tuairiscíonn NHRInna go gcuireann an Chairt breisluach ar fáil trí argóintí dlíthiúla agus abhcóideacht a neartú agus tacaíonn siad le léirmhíniú chaighdeáin dhlíthiúla an Aontais. Tuairiscíonn na freagróirí úsáid a bhaint as an gCairt i dtuairisciú (70 %), cúrsaí oiliúna (61 %), feasacht a mhúscailt maidir le cearta bunúsacha (83 %), láimhseáil gearán (61 %), comhairle a thabhairt do ghníomhaithe stáit maidir le beartais nua (52 %) agus dréacht-reachtaíocht (57 %), faisnéis a sholáthar maidir le leigheasanna nó tacaíocht d'íospartaigh (49 %), feachtasaíocht (48 %) agus i ndlíthíocht nó i ndlíthíocht straitéiseach (30 %). Comhairliúchán le comhlachtaí um chearta bunúsacha, ceisteanna 3, 4, agus 5.
[84] Ionchur comhairliúcháin ó ENNHRI; Plean Gníomhaíochta ENNHRI maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas Eorpach (2021-2024) a neartú; Gníomhaíochtaí Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine i gcur chun feidhme Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun a áirithiú gur féidir le NHRInna tacú le cur i bhfeidhm na Cairte i ngach Ballstát[85]. Dá bhrí sin, iarrann an Coimisiún **ar na Ballstáit ról a thabhairt do NHRInna i bpróisis chomhairliúcháin** chun go mbeidh siad in ann rannchuidiú go fóinteach leis an measúnú ar thionchair ar chearta bunúsacha agus reachtaíocht agus beartas á n-ullmhú acu i réimsí ina bhfuil feidhm ag an gCairt. Iarrann sé freisin **ar na Ballstáit tionscnaimh múscailte feasachta agus fothaithe acmhainneachta a fhorbairt don Chairt ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil**, trí leas a bhaint as eolas comhroinnte na NHRInna, na sochaí sibhialta, na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus an rialtais.

### 3.3. Cleachtóirí ceartais

Tá ról uathúil ag breithiúna agus cleachtóirí ceartais eile maidir le hinfheidhmeacht na gceart bunúsach a áirithiú. I straitéis na Cairte, gheall an Coimisiún deiseanna oiliúna faoin gCairt a chistiú do bhreithiúna agus do chleachtóirí ceartais eile faoin **gclár um Cheartas**[86]. Sa **Straitéis um oiliúint bhreithiúnach 2021-2024**, shonraigh an Coimisiún gur cheart oiliúint thiomnaithe a chur ar ghairmithe ceartais maidir leis an gCairt, a raon feidhme agus na cearta bunúsacha sonracha, chomh maith lena gaol leis an dlí náisiúnta agus leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine[87].

Tá na cúirteanna náisiúnta ag tagairt don Chairt níos mó agus níos mó[88]. **Tá méadú bliantúil tagtha ar líon na n-iarrataí ar réamhrialuithe a thagraíonn don Chairt** ó 2020 ar aghaidh, agus bhí 128 n-iarraidh ann in 2024[89]. De réir na gcomhairliúchán le cleachtóirí ceartais a rinneadh chun tacú leis an athbhreithniú sin, **meastar go gcuireann an Chairt breisluach mar chaighdeán dlíthiúil breise** le forálacha bunreachtúla agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, go háirithe i gcásanna imirce agus tearmainn, agus i gcur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach, cosaint sonraí, cosaint leanaí agus cánachas. Tagraíonn na gairmithe ceartais is freagróirí freisin do chearta nós imeachta na Cairte a chur i bhfeidhm (Airteagail 47-50)[90]. Mar sin féin, tuairiscíonn cleachtóirí ar dheacrachtaí áirithe a bhíonn acu infheidhmeacht na Cairte a chinneadh[91].

---

[85] Maidir leis na dúshláin a bhaineann le rannchuidiú fóinteach le hullmhú reachtaíochta a bhfuil tionchair aici ar chearta bunúsacha, tagraíonn freagróirí d'easpa rochtana ar dhoiciméid phoiblí nó ar fhaisnéis phoiblí (9 %), easpa spéise ó na húdaráis i gcomhar leis na comhlachtaí sin (22 %), easpa bealaí comhordaithe struchtúrtha (30 %), eolas teoranta ar ábharthacht na Cairte (35 %) agus ualach oibre agus tosaíochtaí foriomlána (43 %); comhairliúchán le comhlachtaí um chearta bunúsacha, ceist 20; Ionchur comhairliúcháin ó ENNHRI, lch. 3.

[86] Is éard a bhí sa chistiú deontais ghníomhaíochta (arbh fhiú thart ar EUR 4 mhilliún iad in aghaidh na bliana), deontas oibriúcháin thart ar EUR 11.2 milliún in aghaidh na bliana do GEOB, agus soláthar (níos lú ná EUR 1 mhilliún in aghaidh na bliana). Cuirtear thart ar 36 % de bhuiséad an chláir, i.e. thart ar EUR 15 go 16 mhilliún in aghaidh na bliana, i leith oiliúint bhreithiúnach. Tacaíonn an Coimisiún freisin le gníomhaíochtaí ERA, lena múscláitear feasacht i measc chomhaltaí na mbreithiúna agus na ndlíodóirí maidir le cur i bhfeidhm na Cairte. Déantar scrúdú ar ról na Cairte i gcúrsaí oiliúna ERA ar fáil, lena n-áirítear gach bliain ó 2021 go 2025. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil in COM/2024/456, lch. 10.

[87] COM(2020) 713, lch. 2.

[88] FRA, Tuarascáil 2024 ar Chearta Bunúsacha, lch. 122; agus Tuarascáil 2023 ar Chearta Bunúsacha, lch. 45; agus Tuarascáil 2022 ar Chearta Bunúsacha, lch. 37.

[89] FRA, Tuarascáil 2025 ar Chearta Bunúsacha, lch. 94.

[90] Comhairliúchán le cleachtóirí ceartais, ceist 16.

[91] Na deacrachtaí a luaigh na gairmithe dlí a chuir in iúl nach gcuireann siad an Chairt i bhfeidhm ach go hannamh (23 %) nó nach gcuireann siad i bhfeidhm riamh (20 %), baineann siad le hinfheidhmeacht na Cairte

**Níor shroich oiliúint bhreithiúnach ar an gCairt** líon níos mó cleachtóirí ceartais fós[92]. Is iad na cúiseanna is coitianta gan páirt a ghlacadh san oiliúint sin easpa feasachta[93] nó deiseanna oiliúna nach leor iad ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais[94]. **Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt d'oiliúint bhreithiúnach maidir leis an gCairt**, agus tríd an gclár um Cheartas atá beartaithe faoin CAI nua freisin, a luaithe a ghlacfar é[95]. Chomh maith leis sin, iarrann an Coimisiún **ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear oiliúint bhreithiúnach tosaigh agus leanúnach ar an gCairt ar fáil ina dteangacha náisiúnta.**

I straitéis na Cairte, gheall an Coimisiún freisin go dtacódh sé le huirlis ríomhfhoghlama a fhorbairt do bhreithiúna. I mí na Nollag 2025, foilseoidh sé na 'r-chapsúil maidir le dlí an Aontas', gearrchúrsaí oiliúna ar líne ina ndéantar achoimre ar phríomhghnéithe dhlí an Aontais maidir le breis agus 40 ábhar, lena n-áirítear an Chairt[96]. I dtús 2026, foilseoidh an Coimisiún **53 chúrsa foghlama físeánbhunaithe saor in aisce ar líne** ar an gCairt lena dtabharfar isteach gach airteagal substainteach agus forálacha ginearálta na Cairte i seisiúin 30 nóiméad. Déanfar achoimre i lámhleabhar forlíontach i scríbhinn ar an gcásdlí ábhartha maidir le gach airteagal. Tá na cúrsaí dírithe ar státseirbhísigh náisiúnta agus AE. Beidh an oiliúint thuasluaite uile le fáil don phobal ar 'Ardán Oiliúna Eorpach' na Tairsí Eorpaí don r-Cheartas.

Chun infhaighteacht faisnéise maidir leis an gCairt a áirithiú, d'iarr an Coimisiún ar líonraí breithiúna agus **cleachtóirí ceartais eile comhoibriú ar oiliúint agus comhroinnt dea-chleachtas maidir le cur i bhfeidhm na Cairte**, agus a bheith ag tógáil ar thacaíocht agus ar uirlisí a chuireann an Coimisiún, an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB) agus FRA ar fáil. Tá feasacht agus úsáid na n-ábhar sin fós íseal, áfach[97]. Léiríonn an méid sin go bhfuil gá breise le treoraíocht phraiticiúil agus faisnéis chásdlí maidir leis an gCairt, amhail bunachair sonraí agus bileoga eolais, chomh maith le malartú dea-chleachtas maidir le cur i bhfeidhm na Cairte agus aistriú príomhábhar go teangacha náisiúnta[98]. **Dá bhrí sin, leanfaidh an Coimisiún d'fheasacht gairmithe ceartais a mhúscailt ar na hacmhainní oiliúna ar líne atá ann cheana** maidir leis an gCairt i gcomhar le FRA agus iarrann sé ar institiúidí oiliúna breithiúnaí na hacmhainní sin a úsáid agus oiliúint á soláthar

maidir le cás nithiúil a chinneadh (7.5 %), easpa ama chun infheidhmeacht a fhíorú (8.5 %) agus easpa breisluacha i gcomparáid le ECHR (3 %); comhairliúchán le cleachtóirí ceartais, ceisteanna 15 agus 17. Tá 73.4 % de na freagróirí nár fhreagair na ceisteanna sin, rud a théann i bhfeidhm ar chinnteacht na dtorthaí.

[92] Tuairiscíonn 29 % de chleachtóirí ceartais is freagróirí gur ghlac siad páirt in oiliúint i bpearsa ar an gCairt agus 21 % in oiliúint ar líne; comhairliúchán le cleachtóirí ceartais, ceisteanna 4 agus 6.

[93] 54 %; comhairliúchán le cleachtóirí ceartais, ceist 6 b.

[94] 57 % ar an leibhéal náisiúnta agus 34 % ar leibhéal an Aontais faoi seach; comhairliúchán le cleachtóirí ceartais, ceist 10. As measc na n-eagraíochtaí oiliúna is freagróirí, measann 61 % díobh gur leor na deiseanna oiliúna ar an leibhéal náisiúnta agus measann 89 % díobh gur leor iad ar leibhéal an Aontais.

[95] COM(2025) 463 final; COM(2025)801.

[96] Chomh maith leis sin, 'Físeáin oiliúna do na breithiúna agus do dhlíodóirí maidir le misean, dlínse agus nósanna imeachta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh'.

[97] Tuairiscíonn cleachtóirí ceartais gur bhain siad úsáid as an bhfíseán teagaisc maidir leis an gCairt ar an tairseach r-Cheartais (16 % de na freagróirí), Charterpedia FRA (7.5 %), lámhleabhair na Cairte (13.8 %) agus lámhleabhair FRA agus Chomhairle na hEorpa maidir leis an gCairt agus ECHR (19.15 %). Tá 59 % de na freagróirí nár úsáid aon cheann de na huirlisí oiliúna atá ar fáil; comhairliúchán le cleachtóirí ceartais, ceist 7.

[98] Comhairliúchán le cleachtóirí ceartais, ceist 11.

acu. **Iarrann sé freisin ar na Ballstáit faisnéis maidir le deiseanna oiliúna na Cairte atá ann cheana agus uirlisí ar líne a roinnt leis na breithiúna**, agus urraim chuí do neamhspleáchas na mbreithiúna á háirithiú ag an am céanna. Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún le hinrochtaineacht a chúrsaí nua ar líne maidir leis an gCairt agus leanfaidh sé d'fhaisnéis a chur ar fáil faoin gCairt agus faoina cur i bhfeidhm ar a shuíomh gréasáin.

D'aithin an Coimisiún go bhféadfadh **digitiú an cheartais** feabhas a chur ar chumas na gcúirteanna déileáil go héifeachtach le saincheisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha[99] agus dá réir sin tá sé ag tacú le hiarrachtaí digitithe na mBallstát. Ag an am céanna, ní mór digitiú an cheartais a dhéanamh ar bhealach lena n-áirithítear urraim do chearta bunúsacha, agus trína áirithiú freisin go mbeidh trialacha i bpearsa ar fáil do pháirtithe a bhfuil gá acu leo chun a gcearta bunúsacha a fheidhmiú go héifeachtach[100].

### 4. Úsáid na Cairte mar threoraíocht d'institiúidí an Aontais a chothú

I straitéis na Cairte, cuireann an Coimisiún i dtábhacht go bhfuil comhlíonadh na Cairte lárnach d'inbhuanaitheacht reachtaíocht an Aontais. Gheall sé go ndéanfadh sé **measúnú ar chomhlíonadh na Cairte** maidir le príomhthionscnaimh a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu ar chearta bunúsacha ón gcéim ullmhúcháin agus le linn an phróisis cinnteoireachta[101].

Chun cúnamh níos fearr a thabhairt do bhaill foirne an Aontais agus measúnú á dhéanamh acu ar thionchair ar chearta bunúsacha, nuashonraigh an Coimisiún **an treoraíocht dá bhaill foirne maidir leis an gCairt a chur i bhfeidhm i measúnuithe tionchair**[102] agus scaipfidh sé í mar fhoinse faisnéise do lucht ceaptha beartas ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil, mar a gealladh sa straitéis. Chomh maith leis na seisiúin oiliúna rialta maidir le Rialáil Níos Fearr, d'fhorbair an Coimisiún **cúrsa oiliúna tiomnaithe maidir le 'Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i measúnuithe tionchair'** chun oiliúint a chur ar bhaill foirne an Aontais maidir leis an gCairt agus chun iad a threorú maidir le measúnú a dhéanamh ar thionchair tograí reachtacha ar chearta bunúsacha i gcomhréir leis na rialacha maidir le Rialáil Níos Fearr[103]. Chuir FRA comhairle ar fáil freisin d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit maidir le measúnú a dhéanamh ar thionchair na dréacht-reachtaíochta agus na mbeartas ar chearta bunúsacha. Sna **cúrsaí ar líne ar an gCairt** atá an Coimisiún a chur ar fáil, tá comhairle freisin do bhall foirne an Aontais faoi conas comhlíonadh na gceart bunúsach a áirithiú agus tionscnaimh reachtacha á gceapadh.

Braitheann an Coimisiún ar **ionchur ó pháirtithe leasmhara** agus a thionscnaimh á n-ullmhú aige, lena n-áirítear maidir leis **an gCairt a phríomhshruthú ina bheartais agus ina**

---

[99] COM(2025)801 final; COM(2025)802 final, lch. 2.
[100] COM(2023) 786 final, Cosaint dlí éifeachtach agus rochtain ar cheartas, lch. 5.
[101] Rinneadh na gealltanais sin tar éis iarrachtaí leanúnacha ar bhaill foirne an Aontais a chur ar an eolas faoi cheanglais maidir le cearta bunúsacha, féach COM/2010/057.
[102] C(2025) 8354. Leis an treoraíocht, forlíontar Uirlis Uimh. 29 den Bhosca Uirlisí um Rialáil Níos Fearr maidir le 'Cearta bunúsacha, lena n-áirítear comhionannas a chur chun cinn'. De réir Uirlis Uimh. 29, ní mór gach gníomh agus tionscnamh de chuid an Choimisiúin a bheith i gcomhréir leis an gCairt.
[103] Bíonn an cúrsa ar siúl ar líne ceithre huaire sa bhliain. In 2023 agus 2024, cuireadh oiliúint ar thart ar 170 ball foirne de chuid an Aontais in ocht gcúrsa oiliúna. Tá na ceithre chúrsa oiliúna in 2025 ar siúl faoi láthair.

**thograí**[104]. Tá an tsochaí shibhialta rannpháirteach freisin trí raon cineálacha díláraithe idirphlé struchtúrtha agus comhairliúchán struchtúrtha agus glacann sí páirt i roinnt mhaith grúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin. Le Straitéis nua an Aontais don tSochaí Shibhialta, bunaítear creat coiteann freisin chun caidreamh an Choimisiúin le ESSanna a threorú agus a neartú.

Oibríonn **Tascfhórsa an Choimisiúin um Chomhionannas**[105] chun a áirithiú go ndéanfar breithnithe comhionannais a phríomhshruthú i ngach tionscnamh. Tá próisis forbartha ag an Tascfhórsa chun treoir a thabhairt do bhaill foirne an Choimisiúin maidir lena áirithiú go gcuireann beartais, reachtaíocht agus cláir chistiúcháin an Aontais comhionannas idir mná agus fir chun cinn agus go ndéanann siad an t-idirdhealú a chomhrac. Chuir sé oiliúint ar fáil freisin do na baill foirne maidir le príomhshruthú comhionannais[106]. Ina theannta sin, cuidíonn **straitéisí Aontas an Chomhionannais** le gníomhaíochtaí beartais a dhéanamh den chomhionannas agus den neamh-idirdhealú[107].

Ina theannta sin, stiúrann **na coinbhinsiúin um chearta an duine sin a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu**[108] an úsáid a bhaineann institiúidí an Aontais as an gCairt, ós rud é go bhfuil sé d'oibleagáid ar an Aontas a gcaighdeáin a chomhlíonadh ina reachtóireacht. Dá bhrí sin, neartaíonn aontachas an Aontais cur chun feidhme na Cairte sna réimsí beartais a chumhdaítear leis na coinbhinsiúin sin[109]. Leanadh freisin de phróiseas aontachais an Aontais

[104] Lena n-áirítear tríd an tairseach Cloisimis uait- Comhairliúcháin Phoiblí agus Aischur agus trí chomhairliúcháin spriocdhírithe. Nuashonraíodh an tairseach ina pointe iontrála aonair le haghaidh comhairliúcháin phoiblí, an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus ardán díospóireachta idirghníomhach.

[105] Tá sé comhdhéanta d'ionadaithe ó sheirbhísí an Choimisiúin agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí a bhfuil rúnaíocht ann le tacú léi.

[106] Faoi mhí na Samhna 2024, d'eagraigh an Tascfhórsa 23 sheisiún oiliúna do bhaill foirne an Choimisiúin agus rannchuidigh sé le cur leis an líon gníomhaíochtaí múscailte feasachta.

[107] An comhionannas agus an cuimsiú:príomhghníomhaíochtaí — an Coimisiún Eorpach. I mí Dheireadh Fómhair 2025, ghlac an Coimisiún an Straitéis um Chomhionannas LADTIA, 2026-2030. Cuireann an straitéis leis an straitéis a bhí ann roimhe seo chun cuspóirí coiteanna a leagan síos, treoraíocht a chur ar fáil, agus comhordú a neartú. Áirítear sa Treochlár um Chearta na mBan, a glacadh i mí an Mhárta 2025, gealltanais maidir le comhionannas idir mná agus fir i gcomhréir le hAirteagal 23 den Chairt. Leis an Straitéis um Chomhionannas Inscne, 2026-2030, cuirfear leis an Treochlár, agus cuirfear bearta i láthair chun comhionannas inscne a chur chun cinn. Leanfaidh straitéis nua frithchiníochais 2026-2030 an Aontais Eorpaigh plean gníomhaíochta frithchiníochais an Aontais Eorpaigh, 2020-2025. Deimhnítear sa phlean gníomhaíochta go bhfuil bearta chun idirdhealú, ciníochas, seineafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe a chomhrac bunaithe ar chreat dlíthiúil bunaithe de chuid an Aontais, lena n-áirítear comhionannas agus neamh-idirdhealú dá bhforáiltear in Airteagail 20 agus 21 den Chairt. Cuirtear an rud céanna i dtábhacht i gcreat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romachh le haghaidh 2020-2030 i ndáil le gníomhaíocht chun an frithghiofógachas agus an t-idirdhealú in aghaidh na Romach a chomhrac. Sa tuarascáil mheántéarma maidir lena cur chun feidhme, a foilsíodh in 2024, leagtar béim ar chomhlíonadh na Cairte mar phrionsabal cothrománach. Féach freisin Straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú (2021 - 2030).

[108] Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (aontachas AE le Coinbhinsiún Iostanbúl | EUR-Lex). Ba é Coinbhinsiún Iostanbúl an dara coinbhinsiún idirnáisiúnta um chearta an duine ar aontaigh an tAontas dó, tar éis Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (Cinneadh — 2010/48 — GA — EUR-Lex) (UNCRPD).

[109] Go háirithe Airteagal 21 de maidir le neamh-idirdhealú, Airteagal 23 de maidir le comhionannas idir mná agus fir agus Airteagal 26 de maidir le lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas. Tá gníomhaíochtaí sa Straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas chun UNCRPD a chur chun feidhme san Aontas i gcomhréir le cearta bunúsacha daoine faoi mhíchumas.

leis an g**Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine**[110] d'fhonn a áirithiú go mbeidh cearta bunúsacha san Aontas faoi réir grinnscrúdú seachtrach breise.

Chun príomhshruthú na Cairte a fhorbairt ar fud phróiseas reachtach an Aontais, **d'iarr an Coimisiún freisin ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle na huirlisí atá ar fáil dóibh a úsáid**[111] **chun a áirithiú go gcuirfear an Chairt i bhfeidhm go héifeachtach**. D'eagraigh Uachtaránachtaí na Comhairle oiliúint maidir le cur i bhfeidhm na Cairte ar bhaill foirne na Comhairle agus ar thoscaireachtaí na mBallstát. In 2024, dhírigh an oiliúint ar ról gach institiúide maidir le measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar chearta bunúsacha agus measúnuithe tionchair á ndéanamh acu. Chun an obair sin a neartú a thuilleadh, iarrann an **Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle malartuithe dea-chleachtais a eagrú** chun a áirithiú go n-urramófar an Chairt le linn an timthrialla reachtaigh. **Iarrann sí ar an gComhairle leanúint d'fheasacht a mhúscailt** i meithleacha na Comhairle **maidir lena treoraíocht i ndáil le comhlíonadh na gceart bunúsach**.

I gcomhréir le straitéis na Cairte, lean an Coimisiún de bheith ag áirithiú go bhfuil **gníomhaíochtaí inmheánacha agus seachtracha an Aontais chun cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint comhleanúnach** agus go dtreisíonn siad a chéile. In 2020, ghlac sí Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas le haghaidh na tréimhse 2020-2024[112]. Treoraíonn an plean gníomhaíochta obair dhéthaobhach agus iltaobhach an Aontais maidir le cearta an duine agus tá sé ailínithe leis an gCairt[113].

Ar an leibhéal iltaobhach, bíonn an tAontas i dteagmháil le Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, leis an Tríú Coiste agus leis an gComhthionól Ginearálta, agus tacaíonn sé le sainordú agus neamhspleáchas an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine. Ó bhí 2020 ann, rinne an tAontas breis agus 60 idirphlé agus comhairliúchán maidir le cearta an duine le tríú páirtithe[114].

I gcomhréir lena ghealltanas an **Chairt a chur san áireamh agus comhaontuithe trádála agus infheistíochta á n-ullmhú agus á gcaibidliú aige**, lean an tAontas d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh caighdeán idirnáisiúnta maidir le cearta an duine ag tíortha nach Ballstáit den Aontas iad[115]. Cuireann an tAontas a bheartas trádála chun feidhme, lena

[110] Iarraidh ar thuairim de bhun Airteagal 218(11) CFAE an 21 Samhain 2025.

[111] Amhail treoirlínte ón gComhairle maidir le seiceálacha ar chomhlíonadh na gceart bunúsach, Doic. 5377/15 an 20 Eanáir 2015, nó Riail 40 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, agus an Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr (IO L 123, 12.5.2016, lgh. 12-15).

[112] Tuairiscíonn an tAontas ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta sna Tuarascálacha Bliantúla ar Chearta an Duine agus an Daonlathas ar Domhan. Féach, mar shampla, Tuarascáil Bhliantúil 2024 ar Chearta an Duine agus an Daonlathas ar Domhan. Baineann sí úsáid as na huirlisí uile atá ar fáil di chun é a chur chun feidhme, lena n-áirítear Treoirlínte an Aontais maidir le Cearta an Duine, Conclúidí ón gComhairle, démarches, cumarsáid straitéiseach agus idirphlé maidir le cearta an duine.

[113] In 2023, thángthas ar an gconclúid in athbhreithniú meántéarma go raibh an plean gníomhaíochta éifeachtach maidir leis na gníomhaíochtaí seachtracha um chearta an duine agus um an daonlathas a threorú. Mar thoradh air sin, in 2024, cuireadh síneadh leis an bplean gníomhaíochta go dtí mí na Nollag 2027. Chuir an tAontas síneadh lena Phlean Gníomhaíochta maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas go dtí 2027.

[114] Thacaigh FRA, a thug samplaí den chaoi a gcosnaíonn an tAontas an Chairt, leis an gCoimisiún.

[115] Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife. Déantar an obair faoin Socrú Speisialta Dreasachta um Fhorbairt Inbhuanaithe agus Dea-Rialachas (GSP+) agus trí rannpháirtíocht faoin socrú 'Gach Ní seachas Airm'. Ina

n-áirítear na caibidlí maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe dá chomhaontuithe trádála faoi threoir Theachtaireacht 2022 maidir le '*Cumhacht na gcomhpháirtíochtaí trádála: le chéile ar mhaithe le fás eacnamaíoch atá glas agus cóir*'[116] agus Teachtaireacht 2022 maidir le 'hobair chuibhiúil ar fud an domhain'[117]. Lean an Coimisiún de scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó pháirtithe leasmhara maidir le cásanna ina raibh páirtithe gcomhaontuithe trádála nár chomhlíon a ngealltanais[118].

Lean an Coimisiún freisin de chuidiú a thabhairt do **thíortha an mhéadaithe iad féin a ailíniú le caighdeáin an Aontais maidir le cearta bunúsacha**. Ní mór do na tíortha is iarrthóirí iad féin a ailíniú de réir a chéile le forálacha na Cairte, d'fhonn ailíniú iomlán a bhaint amach faoi dháta an aontachais. Cuireann an Coimisiún tacaíocht ar fáil i bhfoirm cúnaimh airgeadais agus theicniúil ina leith sin agus déanann sé faireachán ar an dul chun cinn tríd an bpacáiste bliantúil um méadú[119].

Is féidir le tíortha is iarrthóirí agus tíortha a bhfuil comhaontú comhlachais acu **stádas breathnóra a iarraidh ag FRA** chun cabhrú leo a reachtaíocht agus a mbeartais a ailíniú leis an *acquis* um chearta bunúsacha. Tá stádas breathnóra ag an Albáin, ag an Macadóin Thuaidh agus ag an tSeirbia faoi láthair agus tá sé curtha in iúl ag tuilleadh tíortha is iarrthóirí gur spéis leo é a fháil[120].

## 5. Feasacht na ndaoine maidir lena gcearta faoin gCairt a neartú

Tá an tsraith dheireanach de straitéis na Cairte dírithe ar fheasacht an phobail. Léirítear i **suirbhé Eorabharaiméadair ar eolas faoin gCairt**, a rinneadh in earrach 2025[121], gur chuala ag 49 % de na daoine iomrá ar an gCairt[122]; is ionann an méid sin agus dul chun cinn measartha ó bhí 2019 ann. Mar sin féin, níor bhraith ach 12 % de na freagróirí go raibh eolas maith acu ar a gcearta faoin gCairt, rud a léiríonn go bhfuil gá breise le feasacht a mhúscailt. Is spéis le freagróirí níos mó a chloisteáil faoi cá háit ar cheart dóibh dul i gcásanna a bhaineann le sárú ar a gceart (64 %)[123], ábhar na Cairte (62 %) agus cathain a bheidh feidhm

---

theannta sin, is cuid de na gealltanais a thug na páirtithe i gcomhaontuithe trádála iad prionsabail na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le cearta bunúsacha ag an obair a urramú, a chur chun cinn agus a chur i ngníomh. Baineann siad sin le saoirse comhlachais a áirithiú agus leis an gceart chun cómhargála, deireadh a chur le gach cineál saothair éignithe, deireadh a chur le saothar leanaí, deireadh a chur le hidirdhealú san fhostaíocht agus sa tslí bheatha, agus timpeallacht oibre shábháilte shláintiúil.

[116] COM/2022/409.

[117] COM/2022/66.

[118] Pointe Iontrála Aonair | Access2Markets.

[119] Tá an Coimisiún ag súil go mbunóidh na comhpháirtithe beartais um Méadú institiúidí agus creataí a bheidh ar aon dul leis na cinn is gá do na Ballstáit. Déanann sé measúnú ar staid na himeartha agus ar an dul chun cinn atá déanta.

[120] Tá sé tairbheach a bheith rannpháirteach mar bhreathnóir in FRA, mar shampla, chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí, ar oiliúint agus ar fhothú acmhainneachta.

[121] Eorabharaiméadar Speisialta 563; tá an suirbhé bunaithe ar agallaimh le 26 319 duine ar fud an Aontais.

[122] Tá méadú tagtha ar an eolas ar an gCairt i 24 as 27 mBallstát i gcomparáid le suirbhé 2019 (Eorabharaiméadar Speisialta 487b). Tháinig an méadú is mó ar an líon daoine arb eol dóibh faoin gCairt i Málta (+ 24 phointe céatadáin), sa Chipir (+ 17 bpointe céatadáin) agus san Ungáir (+ 15 phointe céatadáin). Tháinig laghdú ar na líonta daoine arb eol dóibh faoin gCairt san Ostair (-4 phointe céatadáin) agus sa Rómáin (-3 phointe céatadáin), agus d'fhan siad gan athrú sa Ghréig. Sin méadú 6 phointe céatadáin i gcomparáid le 2019 agus méadú 10 bpointe céatadáin i gcomparáid leis na sonraí is luaithe atá ar fáil ó 2012.

[123] Méadú 3 phointe céatadáin i gcomparáid le suirbhé 2019.

aici (62 %)[124].

Tá cosaint dlí éifeachtach fíor-riachtanach, mar go gcuireann sí ar chumas daoine aonair a gcearta bunúsacha a fheidhmiú. Léirítear i suirbhé Eorabharaiméadair 2025 gurb amhlaidh, dá sárófaí a gcearta Cairte, a dhéanfadh 23 % de na daoine gearán leis na póilíní, agus go rachadh 21 % dá éis sin chuig institiúid de chuid an Aontais, agus 18 % chuig cúirt náisiúnta. Ní dhéanfadh ach 5 % teagmháil le heagraíocht de chuid na sochaí sibhialta. Is beag idir na torthaí sin agus torthaí shuirbhé 2019.

Chomh luath le straitéis 2010, thug an Coimisiún dá aire a dheacra a bhí sé do dhaoine a bheith ar an eolas faoi na leigheasanna dlí iomchuí i gcásanna ina sáraítear an Chairt. Faigheann an Coimisiún 1 500 litir ar an meán ó shaoránaigh in aghaidh na bliana maidir le sáruithe ar chearta bunúsacha, a bhaineann den chuid is mó le cásanna nach bhfuil aon inniúlacht aige ina leith toisc nach bhfuil aon nasc ag na cásanna sin le dlí an Aontais. Ós rud é gur ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht leigheasanna a chur ar fáil i gcásanna aonair, i straitéis na Cairte, d'iarr an Coimisiún orthu tionscnaimh a fhorbairt chun feasacht daoine a chur chun cinn maidir lena gcearta Cairte agus maidir le cá háit ar cheart dul nuair a sháraítear a gcearta, go háirithe trí ionadaithe áitiúla a chumhachtú. Mar sin féin tá cuid mhór den phobal nach bhfuil ar an eolas faoi thionscnaimh den sórt sin[125]. Dá bhrí sin, **d'fhéadfaí tuilleadh faisnéise a chur ar fáil don phobal faoi conas leigheasanna éifeachtacha a aimsiú.** Dá bhrí sin, **iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit oibriú le hinstitiúidí neamhspleácha um chearta bunúsacha agus leis an tsochaí shibhialta chun faisnéis a roinnt maidir le cearta bunúsacha** agus faoi na leigheasanna atá ar fáil i gcásanna sáruithe ar chearta bunúsacha ar gach leibhéal.

I straitéis na Cairte, leag an Coimisiún béim freisin ar **ról ríthábhachtach na n-údarás áitiúil maidir le feasacht ar an gCairt a mhúscailt**. Is maith is féidir leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha tionscnaimh múscailte feasachta a eagrú, lena n-áirítear feachtais faisnéise, gníomhaíochtaí rannpháirtíochta pobail, oiliúint d'oifigigh áitiúla agus for-rochtain oideachais amhail 'Laethanta Cairte'. Fiú mura mbaintear dóthain úsáide as an acmhainneacht sin faoi láthair[126], tá na hiarrachtaí sin fós ábhartha chun an Chairt a thabhairt níos gaire do dhaoine.

Thug an Coimisiún dá aire freisin a thábhachtaí atá sé cearta bunúsacha a mhíniú do dhaoine trí scéalta ón bhfíorshaol. Ó 2021 go 2022, rinne sé feachtas múscailte feasachta chun daoine

[124] Méadú 1 phointe céatadáin i gcomparáid le suirbhé 2019. Ní raibh ach 11 % de na freagróirí in ann a shainiú mar is ceart cathain atá feidhm ag an gCairt, i.e. nuair a ghníomhaíonn institiúidí an Aontais agus nuair a chuireann na Ballstáit dlí an Aontais chun feidhme. Mar sin féin, is feabhas é sin i gcomparáid leis an 7 % i suirbhé 2019. Eorabharaiméadar Speisialta 563, lgh. 18, 35; Eorabharaiméadar Speisialta 487b, lch. 15.

[125] Luaitear i 92 % de na pointí fócasacha is freagróirí faisnéis agus dea-chleachtas a chomhroinnt maidir leis an gCairt, ach níl aon fhaisnéis ar fáil maidir le faisnéis a sholáthar don phobal. Ní thuairiscíonn ach 20 % d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta is freagróirí go bhfuil an Chairt á cur chun cinn acu trí fhaisnéis a sholáthar maidir leis na leigheasanna atá ar fáil; comhairliúchán leis an tsochaí shibhialta, ceist 20.

[126] Comhairliúchán leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, ceisteanna 12 agus 13, ina dtuairiscíonn 4 % de na freagróirí go ndearna siad gníomhaíochtaí cumarsáide maidir le cearta bunúsacha lena bpobal, agus 6 % le polaiteoirí áitiúla.

a chur ar an eolas faoina gcearta Cairte[127]. In 2025, chun **comóradh 25 bliana a dhéanamh ar fhorógra na Cairte**, tá an Coimisiún ag reáchtáil feachtais ar na meáin shóisialta chun feasacht a mhúscailt faoi airteagail aonair na Cairte agus faoin tuiscint atá ag daoine ar chearta bunúsacha[128].

Chuidigh clár Erasmus+ freisin le tionscadail maidir le cearta bunúsacha agus **daoine óga a chur ar an eolas faoi chearta Cairte**[129]. De bhreis air sin, is cuid lárnach den chlár oibre domhanda um oideachas saoránachta agus den chlár oideachais i leith Oideachas agus Múscailt Feasachta maidir le Forbairt (DEAR) iad luachanna bunúsacha agus oideachas faoi chearta an duine[130].

I straitéis na Cairte, gheall an Coimisiún freisin **feasacht leanaí a mhúscailt maidir lena gcearta** faoi Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh[131]. Forbraíodh an straitéis, a glacadh in 2021, i gcomhar le leanaí agus ar mhaithe le leanaí chun beartais agus reachtaíocht an Aontais a thabhairt níos gaire do leanaí[132]. Chuidigh leanaí freisin le treoirlínte a dhréachtú maidir le doiciméid a dhéanamh níos simplí agus níos inrochtana[133]. Ó bunaíodh **Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí** in 2022[134], chuathas i gcomhairle le leanaí maidir le tionscnaimh bheartais roghnaithe agus tá baint acu leis na tionscnaimh sin a 'aistriú' go formáidí atá oiriúnach do leanaí.

Chun soláthar faisnéise agus múscailt feasachta maidir leis an gCairt a neartú a thuilleadh, **leanfaidh an Coimisiún de na hiarrachtaí sin a chistiú ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach** tríd an gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus trína chomharba, sraith CERV+ de chlár AgoraEU atá beartaithe, a luaithe a ghlacfar é; agus trína múscailt feasachta féin a dhéanamh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cumarsáide agus comhdháil chun comóradh a dhéanamh ar 25 bliana den Chairt.

## 6. Conclúid

25 bliana tar éis a fógartha, **stiúrann an Chairt go daingean beartais agus reachtaíocht an Aontais agus a gcur chun feidhme agus a gcur i bhfeidhm sna Ballstáit**. Léiríonn an t-athbhreithniú meántéarma seo gur comhlíonadh formhór na ngealltanas beartais i straitéis na Cairte. Neartaigh an Coimisiún an comhar leis na Ballstáit, thacaigh sé leis an tsochaí

[127] #RightHereRightNow. Chumhdaigh an feachtas cúig cheart bhunúsacha i bhfianaise lucht féachana fócais ó na haoisghrúpaí 15-24 agus 25-39 in CY, MT, NL, agus SE. Na daoine ndeachaigh an feachtas i dteagmháil leo tá dóchúlacht 30 % níos mó ann go mbeidh siad ar an eolas faoin gCairt agus dóchúlacht 14.85 % níos mó ann go mbeidh siad ar an eolas faoi ról an Aontais i leith cearta bunúsacha a chosaint.

[128] EU Rights | LinkedIn; EU Justice and Consumers | Facebook.

[129] COM/2024/456 final, lgh. 13-15.

[130] Projects – EU DEAR Programme [Tionscadail – Clár Oideachais agus Múscailte Feasachta an Aontais Eorpaigh].

[131] Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh, COM/2021/142.

[132] Féach Plean an Aontais Eorpaigh maidir le cearta leanaí, leagan soléite den straitéis do leanaí.

[133] Leaganacha de dhoiciméid scríofa atá oiriúnach do leanaí a chruthú, treoir.

[134] Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí |an tAontas Eorpach. Cuireann suíomh gréasáin an Ardáin eolas ar fáil do leanaí agus faoina gcearta ar bhealach atá dírithe ar an leanbh agus oiriúnach do leanaí. Déanann an tArdán ceart éisteachta leanaí a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.

shibhialta agus le comhlachtaí neamhspleácha um chearta bunúsacha, chuir sé oiliúint bhreithiúnach chun cinn, agus threisigh sé úsáid na Cairte sna próisis reachtacha. Ina theannta sin, deimhnítear leis na comhairliúcháin a rinneadh le haghaidh an athbhreithnithe seo go bhfuil páirtithe leasmhara ar fud an Aontais ag déanamh gníomhaíocht fhiúntach i gcomhréir leis an straitéis.

Ag an am céanna, tá dúshláin fós ann maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach na Cairte a áirithiú. Ní mór feabhas a chur ar an bhfeasacht ar an gCairt atá ag údaráis phoiblí, ag gairmithe agus ag an bpobal i gcoitinne. Tá fothú acmhainneachta leanúnach, rochtain níos fearr ar fhaisnéis, agus faireachán agus forfheidhmiú ríthábhachtach i gcónaí chun a áirithiú go ndéanfar an Chairt a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach in institiúidí an Aontais agus ar gach leibhéal. Go háirithe, ba cheart iarrachtaí a dhíriú ar sholáthar faisnéise agus oiliúna a mhéadú ionas go bhféadfaidh bhfad níos mó státseirbhíseach, páirtithe leasmhara de chuid na sochaí sibhialta agus gairmithe ceartais tairbhe a bhaint as na bearta sin agus cuidiú a thabhairt cur i bhfeidhm na Cairte a mhéadú ar an iomlán. Leagtar amach san athbhreithniú meántéarma seo bearta breise sna réimsí sin.

Le linn an dara leath de chur chun feidhme straitéis na Cairte, déanfaidh an Coimisiún tuilleadh forbartha ar thuarascálacha bliantúla Cairte uaidh agus déanfaidh sé bearta neartaithe chun tacú le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na Cairte sna Ballstáit. Eagróidh sé obair phointí fócasacha na Cairte mar líonra de chuid an Choimisiúin chun cuidiú leo comhordú agus comhar éifeachtach a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm na Cairte agus seolfaidh sé clár foghlama frithpháirtí chun cabhrú le páirtithe leasmhara náisiúnta dea-chleachtas maidir leis an gCairt a mhalartú ar gach leibhéal. Mar an gcéanna, tá gá le tuilleadh iarrachtaí ar a áirithiú go leanfar de chumhacht a thabhairt don tsochaí shibhialta, do chosantóirí chearta an duine agus do chomhlachtaí neamhspleácha um chearta bunúsacha chun tacú le cur i bhfeidhm na Cairte. Cuirfidh an Coimisiún na gníomhaíochtaí faoi Straitéis an Aontais Eorpaigh don tSochaí Shibhialta chun feidhme agus fiosróidh sé an gá atá le treoraíocht bhreise a mhéid a bhaineann le ról NHRInna faoi dhlí an Aontais.

Tá gá le gníomhaíocht dhiongbháilte chun urraim agus cosaint chearta na Cairte a neartú i réimsí beartais uile an Aontais. Dá bhrí sin moltar do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara eile an tuarascáil seo a dháileadh ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tá gá le comhar leanúnach idir institiúidí an Aontais, na mBallstát agus páirtithe leasmhara eile chun a áirithiú go gcuirfear an Chairt chun feidhme agus i bhfeidhm ó 2026 go 2030 agus dá éis sin.